C/2025/5533

14.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12085 — AXEL SPRINGER / SCHWARZ GROUP / DYN MEDIA agus DYN PRODUCTIONS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5533)

1. An 3 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Schwarz New Ventures GmbH ('Schwarz New Ventures', an Ghearmáin), faoi úinéireacht Schwarz Group (an Ghearmáin),

— Axel Springer SE ('Axel Springer', an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh an Dr Matthias Döpfner,

— Dyn Media GmbH ('Dyn Media', an Ghearmáin), atá faoi rialú aonair Axel Springer faoi láthair,

— Dyn Productions NewCo GmbH ('Dyn Productions JV', an Ghearmáin), a ionchorprófar le linn an idirbhirt.

Gheobhaidh Schwarz New Ventures agus Axel Springer rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Dyn Media agus ar Dyn Productions JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Schwarz New Ventures agus is cuid de Schwarz Group é, ar grúpa idirnáisiúnta cuideachtaí é atá dírithe ar an earnáil miondíola bia,

— Is cuideachta thrasatlantach meán é Axel Springer.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Dyn Media: soláthraí sruthaithe a thairgeann físeán bunaithe ar shíntiúis ar ábhar spóirt ar éileamh.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar Dyn Productions JV: ábhar closamhairc a léiriú do Dyn Media.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12085 — AXEL SPRINGER / SCHWARZ GROUP / DYN MEDIA agus DYN PRODUCTIONS JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË